



CAREERS FOR NUA-GHAEILGE /MODERN IRISH GRADUATES

NUA-GHAEILGE/ MODERN IRISH AT UCC

Ábhar lárnach i saol nua-aimseartha na hÉireann is ea an Ghaeilge. I gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, bíonn an Ghaeilge á muineadh mar chuid den BA, agus mar ábhar sna fo-chéimeanna seo chomh maith: BEd Gaeilge (ó 2020 amach), B.Mus, B.Comm (Idirnáisiúnta) le Gaeilge, BA (Teangacha an Domhain), BEd (Staidéir Spóirt), BCLGaeilge (Dlí agus Gaeilge), BSc (Gov.), agus BACrim. Dá bhrí sin, is mó gairm bheatha agus cineál fostaíochta a leanann ár gcuid céimithe: fostaíocht in earnáil an oideachais, sa dlí, sa ghnó, sna meáin chumarsáide, sa tseirbhís stáit (in Éirinn agus san Eoraip), agus san earnáil thurasóireachta agus oidhreachta.



University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

UCC

Roinn na **Nua-Ghaeilge/**
Department of **Modern Irish**

WHAT CAN NUA-GHAEILGE/ MODERN IRISH GRADUATES OFFER EMPLOYERS?

Teanga nua-aimseartha, Eorapach í an Ghaeilge. Teanga is ea í a chuireann ár ndúchas agus ár bhféiniúlacht Éireannach in iúl, agus, san am gcéanna, a phléann le cúrsaí laethúla, ar nós aon teanga eile ar domhan. Bíonn réimse mealltach scileanna agus saineolais le tairiscint ag an gcéimí le Gaeilge. Mar shampla:

- Tuiscint doimhin ar ghné lárnach de stair, de chultúr agus d'oidhreacht na hÉireann.
- Cur amach ar bhunfhoinsí do scéal agus do stair na hÉireann.
- Scileanna pléite agus cur i láthair sa Ghaeilge agus i dteangacha eile.
- Sárchumas i dteicneolaíocht an eolais agus na faisnéise.




- Taithí oibre sa ghnó, sa dlí, sa mhúinteoireacht, agus i go leor réimsí eile.

- Taithí cheannaireachta.



- Scileanna taighde agus eagrú eolais.

- Scileanna um fhadhbanna agus um chruacheisteanna a réiteach.




GRADUATE OUTCOMES FOR NUA-GHAEILGE/ MODERN IRISH

Múintear an Ghaeilge mar ábhar sna céimeanna seo leanas: BA, BEd (Gaeilge ó 2020 amach), B.Mus, B.Comm (Idirnáisiúnta) le Gaeilge, BA (Teangacha an Domhain), BEd (Staidéir Spóirt), BCL (Dlí agus Gaeilge), BCL, BSc (Gov.), agus BACrim. I láthair na huaire, do réir fhaisnéis ó Oifig na nGairmeacha baineann breis agus 90% de chéimithe sna réimsí sin fostaíocht amach:



GRADUATE STUDIES

Bíonn deis ag ár gcuid mac léinn cúrsa iarchéime a roghnú as réimse leathan mar leanas: Cúrsaí a mhúintear: Ard-Diplóma (Ealaín) Gaeilge, M.A. sa Nua-Ghaeilge, Online M.A. in Gaelic Literature, M.A. sa Ghaeilge agus i nDlí na hEorpa, M.A. i Léann an Aistriúcháin (MA in Translation Studies). Cúrsaí taighde: M.Phil., Ph.D.



AREAS OF EMPLOYMENT FOR NUA-GHAEILGE/MODERN IRISH GRADUATES



Breithníonn fostóirí an lae inniu ar chéimithe le Gaeilge mar dhaoine a mbíonn réimse scileanna acu a bhíonn préamhaithe i bhféiniúlacht na hÉireann. Rud luachmhar is ea é sin do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí a mbíonn rud breise uathu a thabharfaidh buntáiste dóibh agus iad i mbun gnó iomaíoch an lae inniu.

Irish-language graduates are viewed by employers as possessing valuable skill-sets expressive of a liberal education and a positive Irish identity that are valued in the market-place.

- Business and industry (both within the Gaeltacht and beyond).

01

- The civil services of Ireland and Europe.

02

- Journalism across all media – print, broadcast and internet.

03

- 
- The legal profession in Ireland and beyond.

04

- The teaching profession – especially at primary and secondary level where teachers of Irish are much in demand.

05

- Writing and publishing.

06

- Marketing and Public Relations.

07

- The tourism and heritage sectors.

08

- The Human Resource sector.

10

- All areas of management, leadership and advocacy.

11

- Entertainment sectors, especially those with a traditional or culture-specific base.

12

Graduate Profile 1

BRIAN BARRY: SKY SPORTS

Sár-oideachas a fuaireas sa tréimhse ceithre bliana a chaitheas ag déanamh staidéir ar Dhlí agus Gaeilge, agus is iomaí deis a bhí agam dá bharr. Fuaireas idir oiliúint acadúil agus taithí saoil. Mholfainn d'éinne a bhfuil suim acu sa Ghaeilge tabhairt fén gcúrsa.

Oibrím anois mar iriseoir spóirt, ag tuairisciú ar chluichí Gaelacha don chuid is mó. Creidim go bhfuil sé mar dhualgais ar an meáin chumarsáide Gaeilge a chur chun cinn, agus táim fíorbhuíoch as gach gné den léann a fuaireas i gCorcaigh.

Anuas air sin, bíonn an cúra dlí atá agam fíorbhuntaisteach sa domhan mhór.



Graduate Profile 2

HILARY O'CONNOR: OIDE SCOILE

Céimí de Roinn na Gaeilge is ea mé. Fanaim i dteagmháil leis an Roinn agus lem chairde sa Ghaeilge i gcónaí.

Téim ag taisteal leo go minic agus is deas liom an Ghaeilge a labhairt thar lear agus sa mbaile. Is mór a chuaigh an Ghaeilge i dtairbhe dhom im shaol gairmiúil. Táim im cheann ar mhúineadh na Gaeilge i meánscoil i gCorcaigh anois is beidh mé ag tabhairt faoi fhiontar nua i mí Mheán Fómhair na bliana seo mar stiúrthóir ár n-Aonaid Gaeilge.



Graduate Profile 3

JOHN PRENDERGAST, OIFIGEACH PLEANÁLA TEANGA, CIARRAÍ THIAR

Thug Roinn na Nua-Gaeilge sárdheiseanna dom agus mé im mhac léinn. Dá bharr sin, is cinnte go bhfuil taithí agam a sheasann amach in aon iarratas nó agallamh a dheinimse. Chuireas snas ar na scileanna luachmhara inaistrithe seo le pobal iontach Roinn na Nua-Gaeilge, a bhí léannta, tuisceanach, nuálach agus cabhrach ón gcéad lá riamh. Táim ag féidhmniú anois mar Oifigeach Pleanála Teanga Chiarraí Thiar, agus mé lonnaithe i gCorca Dhuibhne. Táim an-bhuíoch go deo den oiliúint agus den tacaíocht a fuaireas ó Roinn na Nua-Ghaeilge in UCC.



Graduate Profile 4

MARY-ANN VAUGHAN, LÁITHREOIR AGUS IRISEOIR, KCLR

Gan aon amhras, ba í an chéim sa Ghaeilge a fuaireas ó UCC a chuir ar mo chumas dul ar aghaidh sa saol.

Bíonn suim ag fostaitheoirí i gcónaí i gcáilíochtaí ilghnéitheacha a léiríonn go bhfuil foras agus cúlra leathan intleachtúil ag an iarrthóir. Cé gur as Béarla is mó a fheidhmím im chúraimí laethúla, tugann an t-eolas atá agam ar theanga agus ar fhíorchultúr na hÉireann buntáiste dhom agus mé i mbun mo chuid oibre. Bun-cháilíocht is ea an Ghaeilge d'éinne a bhíonn ag plé le cursaí reatha na tíre seo.



WHERE CAN I FIND OUT MORE?

**ÚDARÁS NA
GAELTACHTA**



**AN ROINN
CULTÚIR
OIDHREACHTA
AGUS
GAELTACHTA**



**AN ROINN OIDEACHAIS
AGUS SCILEANNA**




**COLÁISTE
NA RINNE**



**AN CHOMHAIRLE UM
OIDEACHAS GAELTACHTA
AGUS GAELSCOLAÍOCHTA**



**RADIÓ NA
GAELTACHTA**




TG4



NEMETON



**KINGS
INNS**



**AN COIMISIÚN
EORAPACH**



**PARLAIMINT
NA HEORPA**




**FORAS NA
GAEILGE**




**AN CHOMHAIRLE
MHÚINTEOIREACHTA**



**OIREACHTAS
NA GAEILGE**



**COMHARCHUMANN
FORBARTHA
CHORCA
DHUIBHNE**



12 WAYS TO PUT YOUR NUA- GHAeilGE/MODERN IRISH DEGREE TO WORK

Dosaen de shlite ina bhféadfadh duine leas as a bhaint as céim sa Ghaeilge.

01

San iriseoireacht: scríte nó craolta nó ar-líne.

02

San ionad gnó.



03

Sa scríobhnóireacht chruthaitheach.


04

Sa Ghaeltacht.







San oideachas.



I ngnó na foilsitheoireachta.




I gcúrsaí spóirt.



Sa dlí.





09

Sa tseirbhís stáit (in Éirinn agus san Eoraip).

10

I gcursaí turasóireachta.

11

I bhforbairt agus i mbainistiú na hoidhreachta.

12

I measc phobal agus eagraíochtaí na Gaeilge ar fud na tíre.



DID YOU KNOW?

I láthair na huaire faigheann **100%** dár mic léinn a théann le múineadh na Gaeilge fostaíocht bhuan.



CONTACT US



**UCC Career Services,
3 Brighton Villas,
Western Road, UCC**



**021 4902500
021 4903202**



Email Careers



**Email Graduate
Recruitment**



**Book an
appointment
to meet a
careers advisor**



**Work
Placement**





UCC Works Award Programme



**Connect with
your job**

UCC Careers



MyStudentJob



Employability Events

**Careers Fairs, Roadshows,
Employer Presentations**



Volunteering Opportunities

